2025.M108T

2025L225A1IL

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2025

# Corpoideachas

## Ardleibhéal

Dé hAoine 20 Meitheamh    Tráthnóna 2:00 - 4:30

250 marc

**Scrúduimhir**

**Dáta Breithe**

Scríobh 3 Feabhra 2005
mar 03 02 05, mar shampla

**Stampa an Ionaid**

## Treoracha

Tá **trí** roinn sa pháipéar seo.

| | | |
|---|---|---|
| Roinn A | Ceisteanna gearra | 80 marc |
| Roinn B | Cás-Staidéar | 50 marc |
| Roinn C | Ceisteanna fada | 120 marc |

Freagair na ceisteanna mar seo a leanas:

- **deich** gceist ar bith as an dá cheist déag i Roinn A
- ceist 13 i Roinn B – Cás-Staidéar
- **trí** cheist ar bith de na cúig cheist i Roinn C

Scríobh do Scrúduimhir agus do Dháta Breithe sna boscaí ar an gclúdach tosaigh.

Scríobh do chuid freagraí sna spásanna atá ar fáil sa leabhrán seo. Tá spás le haghaidh obair bhreise i gcúl an leabhráin. Lipéadaigh aon obair bhreise go soiléir le huimhir na ceiste agus leis an gcuid den cheist.

**Scríobh do chuid freagraí le peann gorm nó le peann dubh.**

Scanfar an leabhrán scrúdaithe seo agus is ar scáileán a chuirfear do chuid oibre i láthair an scrúdaitheora. Féadfaidh sí nach bhfeicfidh an scrúdaitheoir aon rud a scríobhfaidh tú taobh amuigh de bhoscaí na bhfreagraí.

## Roinn A 80 marc

Freagair **deich** gceist ar bith de na ceisteanna 1, 2, 3, 4, 5, 6, 7, 8, 9, 10, 11 agus 12.

**Ceist 1**

Déan cur síos ar **dhá** bhealach a bhféadfaí na conairí idir spórt ar scoil agus spórt sa phobal a neartú.

| |
|---|
| 1. |
| |
| |
| |
| |
| |
| 2. |
| |
| |
| |
| |
| |

**Ceist 2**

**Fíor 1** An cóitseálaí rugbaí Niamh Briggs i bun comhrá le Stacey Flood, imreoir rugbaí de chuid na hÉireann.



**Fíor 1**

Tabhair breac-chuntas ar **cheithre** chineál aiseolais atá in ann dul chun tairbhe d'fheidhmíocht lúthchleasaí.

| |
|---|
| 1. |
| |
| 2. |
| |
| 3. |
| |
| 4. |
| |

**Ceist 3**

**(a)** Mínigh steiréitíopáil ar bhonn inscne sa spórt.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |

**(b)** Cén ról a d'fhéadfadh a bheith ag na meáin maidir le steiréitíopáil ar bhonn inscne sa spórt?

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |

**Ceist 4**

**(a)** Sainmhínigh na cineálacha spriocanna seo a leanas a bhaineann le gníomhaíocht choirp:

Sprioc ghearrthéarmach Sprioc feidhmíochta

| |
|---|
| Sprioc ghearrthéarmach: |
| |
| Sprioc feidhmíochta: |
| |

**(b)** Scríobh síos sprioc feidhmíochta ghearrthéarmach.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |

**Ceist 5**

Déan cur síos ar **dhá** chatagóir de dhrugaí a chuireann leis an bhfeidhmíocht.

**Ní ceadmhach** duit stéaróidigh anabalacha a lua mar cheann de do fhreagraí.

| |
|---|
| 1. |
| |
| |
| |
| |
| 2. |
| |
| |
| |
| |

**Ceist 6**

Tá na prionsabail a bhaineann le cleachtadh éifeachtach tábhachtach maidir le seisiúin cleachtaithe scileanna a dhearadh.

**(a)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** phrionsabal a bhaineann le cleachtadh éifeachtach.

| |
|---|
| 1. |
| |
| 2. |
| |

**(b)** Cén dóigh a n-úsáidfeá **ceann amháin** de na prionsabail ar thug tú breac-chuntas air i **gCeist 6 (a)** chun scil a fhorbairt i seisiún cleachtaidh?

| |
|---|
| Prionsabal den chleachtadh éifeachtach: |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**Ceist 7**







**Fíor 2** **Fíor 3**

Tá ráiteas i **bhFíor 2** faoi na torthaí a fuarthas i staidéar a rinneadh in 2022 ar Rannpháirtíocht Páistí sa Spórt agus sa Ghníomhaíocht Choirp (CSPPA sa Bhéarla). I **bhFíor 3** tá tionscnamh spriocdhírithe a d'fhorbair Spórt Éireann in éineacht le Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt.

**(a)** Mínigh 'gníomhaíocht choirp oiriúnaithe'.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |

**(b)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhealach a bhféadfadh scoil nó pobal soláthar a dhéanamh do ghníomhaíocht choirp oiriúnaithe.

Cuir tic sa bhosca le cur in iúl cén comhthéacs ina bhfuil tú ag freagairt – scoil nó pobal.

| |
|---|
| Scoil ☐ Pobal ☐ |
| 1. |
| |
| |
| 2. |
| |
| |

**Ceist 8**




I **bhFíor 4** tá íomhá de na lúthchleasaithe go léir a cuireadh ar an ngearrliosta do Spórtduine na bliana, gradam de chuid RTÉ, in 2021. Is iad seo a leanas na daoine a ainmníodh:

Rachael Blackmore, Kellie Harrington, Ellen Keane, Cian Lynch, Leona Maguire, Jason Smyth, Katie Taylor agus Vikki Wall.

**Fíor 4**

**(a)** Mar chuid den staidéar a rinne tú ar an gCorpoideachas don Ardteistiméireacht rinne tú comparáid idir d'fheidhmíocht féin agus feidhmíocht eiseamláire / gníomhaí níos oilte.

Déan cur síos ar an dóigh a ndearna tú an anailís sin.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**(b)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** chritéar aeistéitiúla/ealaíne den fheidhmíocht i ngníomhaíocht choirp ainmnithe de do rogha féin.

| |
|---|
| Gníomhaíocht choirp: |
| 1. |
| |
| 2. |
| |

**Ceist 9**

**(a)** Mínigh 'spóirt oll-ranpháirtíochta,' coincheap de chuid na gníomhaíochta coirp.

| |
|---|
| Spóirt oll-rannpháirtíochta: |
| |
| |

**(b)** Sainaithin **dhá** 'ghníomhaíocht lasmuigh agus gníomhaíocht eachtraíochta'.

| |
|---|
| 1. |
| 2. |

**(c)** Sainmhínigh 'corpoideachas,' coincheap de chuid na gníomhaíochta coirp.

| |
|---|
| Corpoideachas: |
| |
| |
| |

**Ceist 10**

**(a)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** thairbhe is féidir le gníomhaithe a bhaint as deochanna spóirt.

| |
|---|
| 1. |
| |
| 2. |
| |

**(b)** Ainmnigh forlíonadh spóirt a úsáideann lúthchleasaithe agus cosain an fáth a n-úsáidfeadh lúthchleasaithe an forlíonadh sin.

| |
|---|
| Forlíonadh spóirt: |
| Cosaint: |
| |
| |
| |
| |

**Ceist 11**

Mínigh **dhá** struchtúr **nó dhá** straitéis ar féidir leo cuidiú le lúthcheasaí nó le foireann ionas go n-éireoidh leo.

**Bain úsáid as samplaí de ghníomhaíocht choirp chun tacú le do fhreagra**.

Cuir tic sa bhosca le cur in iúl cén comhthéacs atá á fhreagairt agat – struchtúir nó straitéisí.

| Struchtúir ☐ Straitéisí ☐ |
|---|
| 1. |
| |
| |
| |
| |
| |
| 2. |
| |
| |
| |
| |
| |

**Ceist 12**

**Fíor 5**

**(a)** Sainaithin **trí** bhealach a gcuirtear rialacha frithdhópála na hÉireann i bhfeidhm.

| |
|---|
| 1. |
| |
| 2. |
| |
| 3. |
| |

**(b)** Cén cúinse a thabharfadh cead do lúthchleasaí dul ag iomaíocht agus substaintí coiscthe ina chorp aige?


| |
|---|
| |
| |

**Roinn B** | **Cás-Staidéar** | **50 marc**

Scrúdaigh an téacs agus na híomhánna sa Chás-Staidéar thíos agus freagair ceist 13.

# Caitheamh

Is féidir leis an gcaitheamh a bheith ina ghníomhaíocht spraíúil, scaoilte a thugann deiseanna do pháistí iniúchadh, turgnamh agus foghlaim a dhéanamh le linn dóibh a bheith ag súgradh.




**Fíor 6**

Creidtear gurb iad na scileanna bunghluaiseachta (SBGanna) na blocanna tógála ar a bhforbraítear a lán gluaiseachtaí spóirt eile. Go minic déantar trí chatagóir dhifriúla de na SBGanna: scileanna luaile nó gluaiseachta amhail rith agus léim; rialú luaile nó scileanna cobhsaíochta amhail dreapadóireacht agus rolladh; agus smachtú uirlise nó scileanna láimhsithe amhail breith agus caitheamh. Nuair a scrúdóidh tú **Fíor 6** féadfaidh tú a thuiscint cén chaoi a bhféadfaí amharc ar SBGanna mar bhlocanna tógála scileanna in a lán spórt.



**Fíor 7** Nicola Tuthill, caiteoir oird

Cé go dtiocfadh leis an gcaitheamh a bheith ina bhunús ag scileanna i spóirt dhifriúla, tá spóirt ann freisin atá bunaithe go hiomlán ar chumas lúthchleasaithe chun rudaí difriúla a chaitheamh. Aithníonn Cumann Lúthchleasaíochta na hÉireann ceithre dhisciplín caithimh mar chuid dá gclár raoin is faiche.

-Caitheamh meáchain
-Caitheamh na teisce
-Caitheamh an oird
-Caitheamh na sleá.

Cé go bhfuil bithmheicnic an-éagsúil ag baint leis na teicnící i ngach ceann de na caithimh – caitheamh an mheáchain, caitheamh na teisce agus caitheamh an oird – baineann na hiomaitheoirí iontu uile úsáid as ciorcal caithimh chun an uirlis a scaoileadh. De ghnáth úsáideann lúthchleasaithe teicnící rothlaithe difriúla sula scaoileann siad leis an uirlis sna spóirt sin.

Is féidir cur síos simplí a dhéanamh ar chaitheamh na sleá mar:
Rith suas díreach, de ghnáth ráibrás de 10 go 15 chéim, ansin trí nó ceithre chéim trasna, coinníonn an lúthchleasaí air ag rith feadh an ama ach iompaítear an corp cliathánach sa dóigh gur féidir an tsleá a theilgean. Ní mór don lúthchleasaí cinntiú ansin go gcomhlíonann sé céim luasmhoillithe i ndiaidh dó an tsleá a scaoileadh uaidh ionas nach dtéann sé taobh amuigh de zón an chaithimh.



**Fíor 8** Oisín Joyce, caiteoir sleá

| Aclú | L | M | C | D | A | S | D |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Caithimh theicníce a dhíríonn ar nithe sonracha | | # | | # | | | |
| Caitheamh iomlán | # | | # | | # | | |
| Neart | | # | | # | | | |
| Luas | # | | # | | | | |
| Comórtas | | | | | | # | |
| Scíth | | | | | | | # |

**Fíor 9**

I **bhFíor 9** tugtar eolas a bhaineann leis an bplean traenála atá ag caiteoir sleá le linn thréimse na gcomórtas sa séasúr. Úsáidtear # sa phlean seachtaine sin chun gnéithe difriúla den aclú agus den traenáil ar chóir don lúthchleasaí díriú orthu gach lá a thabhairt le fios.

Spéisiúil go leor, molann a lán cóitseálaithe caithimh idir uirlisí éadroma agus uirlisí troma a chaitheamh le linn traenála. Ceaptar gur féidir leis an gcur chuige traenála sin cuidiú le forbairt a dhéanamh ar chomhpháirteanna difriúla den chorpacmhainn a bhaineann le caitheamh na sleá. Roinnt de na daoine a cháineann an cur chuige traenála sin, deir siad go gcuireann na huirlisí sin as do rithim agus do chur i gcrích sciliúil an lúthchleasaí agus é ag caitheamh na sleá i ndáiríre. I **bhFíor 10** feictear íomhá de chaiteoir sleá ag caitheamh uirlise, ar a dtugtar liathróid sleá, mar chuid dá chuid cleachtaidh.



**Fíor 10**

Ar an drochuair, agus roinnt caiteoirí sleá ag iarraidh an ceann is fearr a fháil ar a gcuid iomaitheoirí, iompaíonn siad ar chleachtais mhí-eiticiúla chun a gcorp a fhorbairt le haghaidh feidhmíochta sa spórt. In 2024, fuair DP Manu, caiteoir sleá as India, toradh deimhneach ar thástáil don stéaróideach anabalach meitiltéististéarón agus chaill sé amach ar na Cluichí Oilimpeacha dá bharr.

**Ceist 13** **(50 marc)**

**(a)** **(i)** Sainaithin agus sainmhínigh **dhá** choincheap den ghníomhaíocht choirp atá ainmnithe sa chás-staidéar.

| |
|---|
| Coincheap 1. |
| Sainmhíniú 1. |
| |
| |
| Coincheap 2. |
| Sainmhíniú 2. |
| |
| |

**(ii)** Déan plé ar na tairbhí pearsanta agus sóisialta, a luadh sa chás-staidéar, atá le baint ag páistí as bheith páirteach i ngníomhaíochtaí caithimh.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**(b)** Ainmnigh scil ina n-úsáidtear luamhán den $3^{ú}$ haicme i ngníomhaíocht choirp ainmnithe de do rogha féin.

Cosain an fáth ar sampla de luamhán den $3^{ú}$ haicme í an scil seo.

| |
|---|
| Gníomhaíocht choirp: |
| Scil: |
| Cosaint: |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

*Leantar leis an gceist seo ar an gcéad leathanach eile.*

**(c)** **(i)** Bunaithe ar an gcur síos a dhéantar ar chaitheamh na sleá sa chás-staidéar, ainmnigh modh cleachtaithe scile atá oiriúnach le scil caiteora sleá a fhorbairt.

**(ii)** Mínigh an dóigh a gcuirfeá an modh cleachtaidh a d'ainmnigh tú i **gCeist 13 (c) (i)** i bhfeidhm chun scil caiteora sleá a fheabhsú.

**(iii)** Cén plána gluaiseachta ina ngluaiseann caiteoirí an oird den chuid is mó?

**(d)**

Spéisiúil go leor, molann a lán cóitseálaithe caithimh idir uirlisí éadroma agus uirlisí troma a chaitheamh le linn traenála. Ceaptar gur féidir leis an gcur chuige traenála sin cuidiú le forbairt a dhéanamh ar chomhpháirteanna difriúla den chorpacmhainn a bhaineann le caitheamh na sleá.

**(i)** Agus úsáid á baint agat as **Fíor 9** mol cén chomhpháirt den chorpacmhainn a d'fhéadfaí a fhorbairt mar thoradh ar uirlisí éadroma a chaitheamh le linn traenála. Cosain an fáth a bhféadfaí an chomhpháirt sin a fhorbairt mar thoradh ar uirlisí éadroma a chaitheamh.

| |
|---|
| Comhpháirt den chorpacmhainn: |
| Cosaint: |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**(ii)** Agus úsáid á baint agat as **Fíor 9** mol cén chomhpháirt den chorpacmhainn a d'fhéadfaí a fhorbairt mar thoradh ar uirlisí troma a chaitheamh le linn traenála. Cosain an fáth a bhféadfaí an chomhpháirt sin a fhorbairt mar thoradh ar uirlisí troma a chaitheamh.

| |
|---|
| Comhpháirt den chorpacmhainn: |
| Cosaint: |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

*Leantar leis an gceist seo ar an gcéad leathanach eile.*

**(e)** **(i)** Luaigh **dhá** thionchar a d'fhéadfadh a bheith ag stéaróidigh anabalacha ar fheidhmíocht lúthchleasaí.

**(ii)** Mínigh an dóigh nach raibh DP Manu ag cloí le prionsabail an chleachtais eiticiúil nuair a ghlac sé meitiltéististéarón.

Ní mór duit tagairt a dhéanamh do ar a laghad **dhá** phrionsabal den chleachtas eiticiúil i do fhreagra.

## Roinn C — 120 marc

Freagair **trí** cheist ar bith as na ceisteanna 14, 15, 16, 17 agus 18.

**Ceist 14** **(40 marc)**



**Fíor 11**



**Fíor 12**

**(a)** **(i)** Sainmhínigh na comhpháirteanna seo den chorpacmhainn a bhaineann le sláinte:

Fulangacht Chardairiospráideach    Comhdhéanamh an choirp    Solúbthacht

| |
|---|
| Fulangacht Chardairiospráideach: |
| |
| Comhdhéanamh an choirp: |
| |
| Solúbthacht: |
| |

**(ii)** Cuir an prionsabal MDAC (FITT i mBéarla) i bhfeidhm ar cheann **amháin** de na comhpháirteanna seo a leanas den chorpacmhainn a bhaineann le sláinte:

Fulangacht Chardairiospráideach    Comhdhéanamh an choirp    Solúbthacht

| |
|---|
| Comhpháirteanna den chorpacmhainn a bhaineann le sláinte: |
| Minicíocht: |
| Déine: |
| Am: |
| Cineál: |

*Leantar leis an gceist seo ar an gcéad leathanach eile.*

**(b)** **(i)** Sainmhínigh **ceann amháin** de na téarmaí seo a leanas:

Idirdhealú    Steiréitíopáil    Ionchuimsiú    Claontacht

Cuir tic sa bhosca le cur in iúl cén téarma atá á shainmhíniú agat.

| Idirdhealú ☐ Steiréitíopáil ☐ Ionchuimsiú ☐ Claontacht ☐ |
|---|
| |
| |
| |

**(ii)** Mínigh an coincheap cothrom na Féinne sa spórt maidir leis an tionchar atá aige ar rannpháirtíocht i ngníomhaíocht choirp agus sa spórt.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**(c)** Déan plé ar **dhá** fhorbairt i ngníomhaíoht choirp agus spórt, ó 2005, maidir le **ceann amháin** de na grúpaí seo a leanas:

- Mná
- Daoine fásta scothaosta
- Daoine faoi mhíchumas coirp
- Daoine faoi mhíchumas intleachta
- Grúpaí eitneacha difriúla
- Grúpaí socheacnamaíocha difriúla

| |
|---|
| Grúpa: |
| 1. |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| 2. |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

*Leantar leis an gceist seo ar an gcéad leathanach eile.*

**(d)** Scrúdaigh an dóigh a bhfuil dul chun cinn sa teicneolaíocht tar éis dul i bhfeidhm ar ghníomhaithe.

**Bain úsáid as samplaí de ghníomhaíocht choirp chun tacú le do fhreagra.**

**Ceist 15** **(40 marc)**



Fíor 13




Fíor 14

I **bhFíor 13** taispeántar Éamonn Ó Riain, iarbhainisteoir fhoireann Chorcaí i bPeil na mBan, a bhí ina chóitseálaí ar an bhfoireann a bhuaigh 10 gCraobh Uile-Éireann. I **bhFíor 14** taispeántar íomhá de Chiara Mageean, Oilimpeach Éireannach, in éineacht lena hiarchóitseálaí Jerry Kiernan.

**(a)** **(i)** Sainaithin **dhá** mhodh is féidir a úsáid chun anailís a dhéanamh ar scil agus ar theicníc lúthchleasaí, agus **dhá** mhodh is féidir a úsáid chun anailís a dhéanamh ar chorpacmhainn an lúthchleasaí a bhaineann leis an bhfeidhmíocht.

| |
|---|
| Modh anailíse ar scil agus ar theicníc 1. |
| Modh anailíse ar scil agus ar theicníc 2. |
| Tástáil ar chorpacmhainn a bhaineann le feidhmíocht 1. |
| Tástáil ar chorpacmhainn a bhaineann le feidhmíocht 2. |

**(ii)** Mínigh an dóigh a bhféadfadh baint a bheith ag cód eitice le **ceann amháin** díobh seo a leanas:

Rannpháirtí Tuismitheoir Duine den lucht féachana Cóitseálaí Oifigeach Club

Cuir tic sa bhosca le cur in iúl cén grúpa atá á fhreagairt agat.

| Rannpháirtí ☐ Tuismitheoir ☐ Duine den lucht féachana ☐ Cóitseálaí ☐ Oifigeach Club ☐ |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |

*Leantar leis an gceist seo ar an gcéad leathanach eile.*

**(b)** Ainmnigh **dhá** phrionsabal den traenáil agus mínigh an dóigh a bhféadfadh cóitseálaí úsáid a bhaint as na prionsabail sin agus é/í i mbun cláir thraenála a dhearadh.

**Bain úsáid as samplaí de ghníomhaíocht choirp chun tacú le do fhreagra**.

| |
|---|
| 1. |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| 2. |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**(c)** Déan plé ar cháilíochtaí pearsanta agus teicniúla atá de dhíth ionas go mbeidh rath ar chóitseáil sa spórt.

| Cáilíochtaí pearsanta: |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| Cáilíochtaí teicniúla: |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

*Leantar leis an gceist seo ar an gcéad leathanach eile.*

**(d)** Scrúdaigh an dóigh a bhfuil forbairtí sa teicneolaíocht tar éis tionchar a bheith acu ar chóitseálaithe nó ar chóiréagrafaithe.

**Bain úsáid as samplaí de ghníomhaíocht choirp chun tacú le do fhreagra.**

**Ceist 16** **(40 marc)**

**(a)** **(i)** Is minic a mholtar do dhaoine sonraí a bhaineann lena ngníomhaíocht choirp a bhailiú ionas gur féidir leo monatóireacht a dhéanamh ar leibhéil a gcuid gníomhaíochta coirp.

Sainaithin **trí** mhodh chun sonraí a bhaineann le rannpháirtíocht i ngníomhaíocht choirp a bhailiú.

| |
|---|
| 1. |
| 2. |
| 3. |

**(ii)** Déan plé ar na tairbhí eacnamaíochta a bhaineann le rannpháirtíocht i ngníomhaíocht choirp.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

*Leantar leis an gceist seo ar an gcéad leathanach eile.*

**(b)**



**Fíor 15**

**(i)** Sainmhínigh cumas.

**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar **thrí** chéim a bhaineann le scil nua a fhoghlaim.

1.

2.

3.

**(c)** Sainaithin **dhá** chur chuige don traenáil taobh amuigh de ghníomhaíocht choirp ainmnithe a bhféadfadh lúthchleasaí úsáid a bhaint astu. Déan plé ar an dóigh a bhféadfadh gach ceann de na cuir chuige sin cuidiú leis an bhfeidhmíocht a fheabhsú.

| Gníomhaíocht choirp: |
|---|
| 1. |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| 2. |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

*Leantar leis an gceist seo ar an gcéad leathanach eile.*

**(d)** Déan anailís ar an dóigh a bhfuil clúdach na meán tar éis tionchar a bheith aige ar iompar an lucht féachana.

**Ceist 17** **(40 marc)**

**(a)** Sainaithin **dhá** chomhpháirt den chorpacmhainn a bhaineann leis an bhfeidhmíocht atá tábhachtach i ngníomhaíocht choirp ainmnithe de do rogha féin.

Cosain an fáth a bhfuil na comhpháirteanna sin tábhachtach sa ghníomhaíocht choirp ainmnithe.

| Gníomhaíocht choirp: |
|---|
| 1. |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| 2. |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

*Leantar leis an gceist seo ar an gcéad leathanach eile.*

**(b)** **(i)** Déan plé ar an dóigh a gcuidíonn straitéis shíceolaíoch ainmnithe le lúthchleasaithe a gcomhdhíriú meabhrach i gcomhair feidhmíocht spóirt a fhorbairt.

| Straitéis: |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**(ii)** Mínigh an fáth a ndéanfadh lúthchleasaithe anailís ar fheidhmíocht.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**(c)**




**Fíor 16**

Déan cur síos ar **thrí** thaca le rannpháirtíocht i ngníomhaíocht choirp i scoileanna.

| |
|---|
| 1. |
| |
| |
| |
| |
| 2. |
| |
| |
| |
| |
| 3. |
| |
| |
| |
| |

*Leantar leis an gceist seo ar an gcéad leathanach eile.*

**(d)** I gcás rannpháirtithe i ngníomhaíochtaí coirp oiriúnaithe, scrúdaigh bealaí ina bhféadfaí deiseanna a chur ar fáil do na rannpháirtithe sin chun barr feabhais a bhaint amach.

**Ceist 18** **(40 marc)**

**(a)**

I **bhFíor 17** taispeántar íomhá de scannal spóirt ar a dtugtar "Bloodgate" inar bhris imreoir rugbaí de chuid Harlequins capsúl ina bhéal le linn cluiche le go mbeadh an chuma air go raibh a bhéal ag cur fola.




**Fíor 17**

**(i)** Sainmhínigh cleasaíocht mhíspórtúil mar a bhaineann sí le gníomhaíocht choirp agus le spórt.

| |
|---|
| |
| |
| |

**(ii)** Tabhair **dhá** shampla de chleasaíocht mhíspórtúil.

**Ní ceadmhach** cur i gcéill maidir le gortú a úsáid.

| |
|---|
| 1. |
| |
| 2. |
| |

**(iii)** Tabhair breac-chuntas ar **thrí** rialúchán sábháilteachta i ngníomhaíocht choirp ainmnithe de do rogha féin.

| |
|---|
| Gníomhaíocht choirp: |
| 1. |
| |
| 2. |
| |
| 3. |
| |

*Leantar leis an gceist seo ar an gcéad leathanach eile.*

**(b)** **(i)** Sainmhínigh ró-thraenáil.

| |
|---|
| |
| |
| |

**(ii)** Mínigh **dhá** bhealach ar féidir sceideal traenála a dhearadh chun ró-thraenáil lúthchleasaithe a sheachaint.

| |
|---|
| 1. |
| |
| |
| |
| |
| |
| 2. |
| |
| |
| |
| |
| |

**(c)** Mínigh na himpleachtaí a d'fhéadfadh a bheith ann do ghníomhaí atá ag úsáid drugaí a chuireann leis an bhfeidhmíocht.

*Leantar leis an gceist seo ar an gcéad leathanach eile.*

**(d)** Déan comparáid idir na bacainní atá roimh **dhá** cheann de na grúpaí seo a leanas maidir le rannpháirtíocht i ngníomhaíocht choirp:

- Mná
- Daoine fásta scothaosta
- Daoine faoi mhíchumas coirp
- Daoine faoi mhíchumas intleachta
- Grúpaí eitneacha difriúla
- Grúpaí socheacnamaíocha difriúla

| Grúpa 1. | Grúpa 2. |
|---|---|
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |

## Spás le haghaidh obair bhreise

Cuir in iúl go soiléir uimhir na ceiste agus an chuid den cheist atá á freagairt agat.

Cuir in iúl go soiléir uimhir na ceiste agus an chuid den cheist atá á freagairt agat.

## Admhálacha

### Íomhánna

An íomhá ar leathanach 4: https://www.independent.ie/sport/rugby/less-cantankerous-niamh-briggs-happy-to-stay-patient-in-ireland-coaching-role/41501509.html (Rochtain déanta: 17 Iúil 2024)
An íomhá ar leathanach 8: https://www.sportireland.ie/sites/default/files/media/document/2023-10/2022%20CSPPA%20Full%20Report.pdf (Rochtain déanta: 17 Iúil 2024)
An íomhá ar leathanach 8: https://www.sportireland.ie/participation/activities-for-all (Rochtain déanta: 17 Iúil 2024)
An íomhá ar leathanach 9: https://www.rte.ie/sport/other-sport/2021/1214/1266652-choose-your-rte-sportsperson-the-year/ (Rochtain déanta: 17 Iúil 2024)
An íomhá ar leathanach 13: https://www.drugsandalcohol.ie/40847/1/Sport%20Ireland%20anti-doping%20review.pdf (Rochtain déanta: 17 Iúil 2024)
An íomhá ar leathanach 14: https://fundamentalmovementskills.weebly.com/object-control.html (Rochtain déanta: 17 Iúil 2024)
An íomhá ar leathanach 14: https://www.facebook.com/AthleticsIreland/photos/a.216767251687451/4242325529131583/ (Rochtain déanta: 17 Iúil 2024)
An íomhá ar leathanach 15: https://x.com/irishathletics/status/1771917980915388587/photo/1 (Rochtain déanta: 17 Iúil 2024)
An íomhá ar leathanach 15: Curtha in oiriúint ó https://athleticssa.org.za/SportsInfo/Coaching-Javelin-Throw.pdf (Rochtain déanta: 17 Iúil 2024) Iúil
An íomhá ar leathanach 15: https://www.youtube.com/watch?v=QvrP7JF-EkI (Rochtain déanta: 17 Iúil 2024)
An íomhá ar leathanach 21: https://www.independent.ie/sport/gaelic-games/hurling/in-form-nolan-firing-on-all-cylinders-as-spirited-kerry-take-command-in-relegation-dogfight/34595711.html (Rochtain déanta: 17 Iúil 2024)
An íomhá ar leathanach 21: https://www.bbc.com/news/articles/c9wmgjm30vgo (Rochtain déanta: 17 Iúil 2024)
An íomhá ar leathanach 25: https://www.thesun.ie/sport/gaa-football/6413577/ (Rochtain déanta: 17 Iúil 2024)
An íomhá ar leathanach 25: https://believeandachieve.ie (Rochtain déanta: 7 Eanáir 2025)
An íomhá ar leathanach 30: https://ireland.basketball/developmentprogrammes# (Rochtain déanta: 4 Nollaig 2024)
An íomhá ar leathanach 35: https://pess.blog/2019/05/31/the-secondary-level-active-school-flag-programme-fiona-mchale/ (Rochtain déanta: 4 Nollaig 2024)
An íomhá ar leathanach 37: http://news.bbc.co.uk/sport2/hi/front_page/8273483.stm (Rochtain déanta: 17 Iúil 2024)

### Téacsanna

An téacs ar leathanach 14: https://cmascanada.ca/activity-resources/throw-things/#:~:text=Children's%20interest%20in%20throwing%20things,physical%2C%20cognitive%20and%20language%20skills (Rochtain déanta: 18 Iúil 2024)
An téacs ar leathanach 15: Curtha in oiriúint ó https://olympics.com/en/news/how-to-throw-javelin (Rochtain déanta: 18 Iúil 2024)
An téacs ar leathanach 15: Curtha in oiriúint ó http://www.madisonthrowsclub.com/2013/09/throwing-innovations-from-throwholics_12.html (Rochtain déanta: 18 Iúil 2024)

Ná scríobh ar an leathanach seo

**Fógra cóipchirt**
D'fhéadfadh sé go bhfuil téacsanna nó íomhánna sa scrúdpháipéar seo nach é Coimisiún na Scrúduithe Stáit úinéir an chóipchirt orthu, agus d'fhéadfadh sé gur athchóiríodh iad, chun críche an mheasúnaithe, gan cead na n-údar a fháil roimh ré. Ullmhaíodh an scrúdpháipéar seo de réir Alt 53(5) den *Acht um Chóipcheart agus Cearta Gaolmhara, 2000*. Ní údaraítear aon úsáid dá éis chun aon chríche ach amháin chun na críche dá bhfuil sé beartaithe. Ní ghlacann an Coimisiún aon dliteanas as sárú ar bith ar chearta tríú páirtí a eascraíonn as dáileadh ná as úsáid neamhúdaraithe an scrúdpháipéir seo.

Scrúdú na hArdteistiméireachta – Ardleibhéal

# Corpoideachas

Dé hAoine 20 Meitheamh

Tráthnóna 2:00 - 4:30